

## Tacair agus oibríochtaí – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí


### Tá deiseanna ag an bpáiste...

#### Tuiscint agus ceangal

- Réimse leathan ábhar a shórtáil i dtacair de réir critéir ar leith m.sh. Inniu táimid chun na feithiclí bréige a shórtáil de réir an chineáil feithicle atá ann
- Tobmheas (m.sh. féach ar líon beag réad agus faigh amach cé mhéad atá ann, gan comhaireamh a dhéanamh) líon réad i dtacar m.sh. Cé mhéad spota a fheiceann tú ar mo phláta páipéir?
- Sainnigh agus léirigh uimhreacha ar bhealaí éagsúla m.sh. spota a léiríonn uimhreacha príomha/ilchodacha
- Déan nasc idir na ceithre oibríocht m.sh. Iolrú agus suimiú leantach: Is ionann  $12 \times 3$  agus  $12+12+12$
- Bain úsáid as fíricí atá ar eolas acu chun fíricí níos casta a thabhairt chun cuimhne m.sh.  $6 \times 12 = 6 \times 10 (60) + 6 \times 2 (12) = 72$



- Déan cur síos ar phróiseas na sórtála agus cosain na critéir roghnaithe ag baint úsáid as teanga oiriúnach m.sh. baineann na dronuilleoga go léir leis an tacar seo mar gheall go bhfuil siad tanaí
- Éist le, déan comparáid idir agus déan plé ar chur síos matamaiticiúla na bpáistí ar Thacair agus Oibríochtaí
- A dtuiscint ar na Tacair agus Oibríochtaí a chur in iúl ar bhealaí éagsúla m.sh. Is ionann an roinnt mhatamaiticiúil agus an chomhroinnt
- Mínigh na rialacha a rialáíonn uimhreacha príomha agus uimhreacha ilchodacha agus léirigh an tuiscint.
- Samhaltaigh agus/nó déan cur síos ar réimse leathan bealaí chun iolraithe agus factóirí a ghiniúint.



#### Cumarsáid

#### Réasúnaíocht

- Déan idirdhealú idir tacair bunaithe ar a gcainníocht m.sh. tá níos mó sa tacar dearg ná mar atá sa tacar gorm
- Bain úsáid as meastacháin chun suimeanna, difríochtaí, torthaí agus líonta slánuimhreacha a ríomh
- Déan athbhreithniú ar éifeachtúlacht a straitéisí meabhreacha d'oibríochtaí agus cuir in ord éifeachtúlachta iad
- Tabhair buillí faoi thuairim bunaithe ar a bhfiosrúchán m.sh. nuair a shuimítear dhá ré-uimhir le chéile, bíonn an freagra ina ré-uimhir
- Cuir ginearálaithe in iúl ag baint úsáid as focail agus siombail, m.sh.  $4 \times 6 = 24$ , mar sin  $24 \div 6 = 4$  agus  $24 \div 4 = 6$



- Léirigh feasacht ar réada atá á dtabhairt isteach nó á mbaint amach as tacar
- Cuir tacair in ord de réir a gcainníochtaí
- Fiosraigh ríomhanna nach mbaineann na smaointe a forbraíodh do ríomh na slánuimhreacha leo m.sh. ríomh na gcodán agus na ndeachúlacha
- Cuir i bhfeidhm agus úsáid straitéisí agus gnásanna meabhreacha chun tascanna a dhéanamh m.sh. ag baint úsáid as fíricí atá ar eolas acu, slánú agus meastachán etc.
- Bain úsáid as eolas na gceithre oibríochtaí i gcásanna fíorshaoil



#### Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna